



Preasráiteas Press Release 26.10.2020	Tuilleadh eolais: gaeilgeiorrais@gmail.com 097-29023	*Leagan Béarla ar Ich. 2 / English summary on pg 2.
--	--	--

Rith Cuimhneacháin: Siúlóid nó Rith i gCuimhne ar Dhuine

Speisialta (Dé Domhnaigh 8 Samhain 2020)

Tá ócáid álann á reáchtáil ag oifigigh pleanála teanga na Gaeltachta i gcomhar le Athletics Ireland Dé Domhnaigh 8 Samhain. Iarrtar ar dhaoine dul amach ag siúl nó ag rith (aon fhad is mian leofa) ina gceantair féin agus i gcuimhne ar dhuine nó ar dhaoine speisialta ar an lá seo.

Ní comórtas nó dúshlán é seo ach imeacht fíorúil ina dtabharfar deis do dhaoine dul amach go suaimhneach agus cuimhneamh ar an gcaidreamh a bhí acu nó atá acu le duine nó le daoine ar leith. Tabharfar cuireadh do rannpháirtithe ainm an duine nó ainmneacha na ndaoine sin, chomh maith le teachtaireacht i nGaeilge futhu, a roinnt ar an mballa fíorúil cuimhneacháin. Foilseofar an balla sin ar leathanach Facebook ar an lá. Seo mar a labhair Majella Ní Chríocháin, oifigeach pleanála teanga le Pobal Rua ar an gCeathrú Rua faoin ócáid:

'Is deis í seo don phobal aitheantas a thabhairt do na daoine atá imithe ar shlí na fírinne, nó iadsan atá tinn, nó as baile nó ag streachailt faoi láthair de bharr na paindéime. Cuimhneoidh muid ar na daoine sin agus muid amuigh ag siúl, linn féin nó leis an teaghlaich, Dé Domhnaigh 8 Samhain. Beidh taifead i nGaeilge déanta ar na cuimhní atá againn orthu freisin ar an mballa fíorúil cuimhneacháin.'

Bhunaigh Athletics Ireland an Rith Cuimhneacháin i 2011 agus bhíodh sé ag tarlú i bPáirc an Fhionnuisce i mBaile Átha Cliath. Toisc gur ócáid fíorúil a bheidh ann i mbliana, is féidir páirt a ghlacadh ann aon áit, mar a mhínigh Barry Pender ó Athletics Ireland:

'Tá ríméad ar Athletics Ireland a bheith ag obair i gcomhar leis na hoifigigh pleanála teanga ar an ócáid seo. Tabharfaidh sé deis do mhuintir na Gaeltachta páirt a ghlacadh sa Rith Cuimhneacháin ina gceantair féin agus cuireann muid fáilte mhór rompu.'

Cuir Laoise Ní Dhúda, oifigeach pleanála teanga le Gaeilge Iorrais, leis an méid sin:

'Tá an-tábhacht le gníomhaíochtaí a dhéanamh amuigh faoin aer, go mór mór na laethanta seo. Tá súil againn go mbeidh suim ag muintir na Gaeltachta seo páirt a ghlacadh san ócáid speisialta seo. Bíodh siombal na coinnle, atá le feiceáil sa lógó, mar ábhar cuimhneacháin agus lóchrann dóchais dúinn go léir ag an am dúshlánach seo.'

Is féidir clárú don Rith Cuimhneacháin saor ina aisce agus i nGaeilge ag <https://form.jotform.com/20289237273052>. Tá an nasc seo le fáil ar leathanach Facebook Gaeilge Iorrais chomh maith. Moltar do dhaoine clárú **roimh Dé Luain 02.11.2020** más mian leo granghraf nó cuimhne nó teachtaireacht i nGaeilge a chur le balla fíorúil cuimhneacháin na Gaeltachta.



Remembrance Run: Walk or Run in Memory of Someone Special (Sunday 8th November 2020)

A very special virtual event, the Remembrance Run/Rith Cuimhneacháin will take place on Sunday 8th November, when people will go out and walk or run in memory of someone special in their lives. This event is being organised by Athletics Ireland and promoted by language planning officers in the Gaeltacht for the first time. This is not a competition or a challenge but rather an opportunity for people to spend time outdoors, walk or run whatever distance they choose in their own area and remember their relationship with someone special.

Participants will be invited to share the names of those people along with memories or messages in Irish about them on the virtual wall of remembrance, which will be shared on Facebook on the day. This is how Majella Ní Chríocháin, language planning officer for Pobal Rua in An Cheathrú Rua, Co. Galway spoke about the event;

'This is an opportunity for us to recognise and remember those who have passed away, those who are struggling in some way, those who are away from home, or those we can't visit at the moment because of the pandemic. Those we keep in our hearts, we will remember them as we walk or run, alone or with family, on Sunday 8 November.'

Athletics Ireland established the Remembrance Run in 2011 and it took place in the Phoenix Park until now. One can take part anywhere this year as it will be a virtual event, as Barry Pender of Athletics Ireland explained:

'Athletics Ireland is delighted to be working with language planning officers on this year's Remembrance Run to provide opportunities for people all around the Gaeltacht to take part.'

Laoise Ní Dhúda, language planning officer with Gaeilge Iorrais, added the following:

'Physical activity in the outdoors is very important at the moment. This collaboration provides a great opportunity for *muintir na Gaeltachta* to participate in this special event. We hope that the candle in the Remembrance Run logo will serve as a point of contemplation and also as a flame of hope for all in these challenging times.'

You can register for the Remembrance Run in Irish at <https://form.jotform.com/202892372730052>. This link is also available on Gaeilge Iorrais Facebook page. If you would like to share a photo, a memory or a message *i nGaeilge* about your loved one on the *Gaeltacht* virtual wall of remembrance, please **register before Monday 02.11.2020**.